

Dearmad do fhágbhas ag Aodh

[Williams, N. J. A.: *The poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe* [Irish Texts Society 51, 1980), poem 14]

1 Dearmad do fhágbhas ag Aodh;
triallam dá fhios don athtaom;
go ceann slógh mbróghonn mBéirre
fóbram clódh an choiscéime.

2 Mar bheirim uidhe ar m'aghaidh
's mo chúl ris Ó gConchobhair,
bídh mo rún ag triall óm thoigh
siar ar mo chúl go Cruachoin.

3 Ro-mhoch iompódh tar ar n-ais
go síothbhrugh slaite Bearnais;
dá dteagmhadh mian dighe damh
ní bhiadh ar slighe ar siobhal.

4 Ar rígh Cairn Fhraoich na rosg mall
dearmhad éigin do fhágsam;
d'fhios óghairr Chnucha ar mo chúl
a-mucha óbraim iompúdh.

5 A mheince téighim dá thigh
nár liom gan adhbhar éigin:
i dtigh í sheangBhloid bhinn bhuig
do dhearmoid sinn ar snáthuid.

6 An bhfeadabhar cia do chuir
an luachair asna leabthuibh?
mo dhealg ann a-drochair dhíom
tall in ochair an airdríogh.

7 Toidheacht dá thigh an treas cuairt
gan adhbhar do budh anshuairc:
do fhágbhas lámhainn - lór sain -
sódh ní hálainn gan fhochain.

8 Is aistear budh éasgaidh linn
ón ti oirthearaigh d'Éirinn
sódh go bile seang Sodhain
ar cheann idhe urchomhail.

9 Dá n-ibhinn ó Aodh a-mach
ag rígh eile fíon Frangcach,
uisge Innse finne Fáil
millse linne ar a leathláimh.

10 Bánaidh grian gné na gcorcrach;
iomdha cumann céadoltach;
bláth na gcraobh ngéagdhubh is geal;
céadludh ar Aodh gach aigneadh.

11 Duain do-bheirim gach bliadhna
go hAodh bhfoltchas bhfinnLiamhna;
mar bhearmaid leinn a luagh cruidh
duan as a heirr 'gá hiarruidh.

12 Cosmhail mar chuingheas mo dhán
mac Feidhlimidh flaith lomghán
ól fleidhe ag flaith ceann i gceann
is braich eile dá himdheall.

13 Oirbhse, a Chonnachta, budh cáir
sírleanmhain Chloinne Colmáin;
re bhur bhfeacadh is fearr sibh,
nochan eatal gearr geimhridh.

14 Ón fhíon chorcra go a chéile
i gConnachtaibh Coirrshléibhe;
céim tar ais is doiligh dhamh
do shoighidh fhéil chais Cruachan.

15 Tugadh fáth dearmhaid damhsa
ag rochtain ríogh Ceanannsa:
roighne fleadh ann do ibheas;
bean ná clann nír chuimhnigheas.

16 Fa Fhéil Chros do-chonnarc thiar
buain agus ar ar éinríán,
learg luacharbhhláith lán do lacht
lámh re Cruachanráith Connacht.

17 Do-chonnarc teagh óil Aodha
lán do chornaibh camchlaona -
ní teist mhór acht muirn bhunaidh -
ól is cuirm í Chonchubhair.

18 Do leigeadh an dáileamh damh
ordachadh comhól Cruachan;
do budh léir dorn ós an dáil
corn í Néill, corn í Chatháin.

19 Corn Toirdhealbhaigh a-tá ann
[móir an dearmad nár dhéachsam]
corn tug a Sídh Meadha a-mach,

rug ó rígh Ceara cosgrach.

20 Dá chuach óir an amhlaidh ghloin,
mo dhearmad gan a ndéachsoin;
toisg nár cháir triall d'aondán ann -
srian Bhláir Aodhán ro fhéachsam.

21 Do budh toidheachta as mo thoigh
dhamh d'fhéachain onchon Cathoil,
méad a gráine 's a goile,
a háilne 's a hághmhoire.

22 Cathal Croibhdhearg leis an gcoin
rug cosgar Chathail Charroigh;
mó� do loit a tachar thiar
lér thoit Cathal san Choirrshliabh.

23 Is í do sineadh re sleigh
le hAodh d'ionnsoighidh Sligigh;
onchú agus gan í 'na coin -
lomthru an tí leis a dtorchoir.

24 Fuaras ar slighidh Sligeach
go heasbhadhach ainimheach,
gan chláirthighe, gan chomhla
acht láithrighe lánfholmha.

25 Do budh mó� an dearmad damh
gan leacht Mheic Einrí d'fhéachadadh,
's ar sgaoil d'aolchlachaibh le a fheirg
is saorChathail chaoimh Chroibhdheirg.